

Plandaí ar Thalamh Féaraigh

An tAirgead Luachra



Meallann boladh cumhra an airgid luachra feithidí, cé nach mbíonn neachtar sna bláthanna.

An Gliográn



Déanann síolta an ghliográin torann cosúil le gliogar nuair a chroitear an planda.

An Nóinín Mór



Tá dath bán an nóinín mhóir chomh geal sin go lonraíonn na peitil faoi sholas na gealaí.

An tSeamair Dhearg



Ní bhíonn leasú talún ag teastáil sna háiteanna a bhfásann an tseamair dhearg mar go n-aistríonn sí nítrigin ón aer chuig an gcréafóg.


An Crobh Éin



Tugtar an crobh éin ar an bplanda seo mar go bhfuil cuma chroibh ar fhaighneoga na síolta.



Tá sé ríthábhachtach do bhithéagsúlacht na hÉireann go bhfuil talamh féaraigh folláin againn. Ach tá talamh féaraigh folláin faoi bhagairt mar gheall ar an dianfheirmeoireacht—úsáidtear an iomarca leasú talún agus bíonn an iomarca béime ar fhéar as féin chun bia a sholáthar do bheostoc.



Tacaíonn meascán difriúil de phlandaí le dúlra agus fiadhúlra—feithidí, éin, mamaigh, agus dár ndóigh, na plandaí féin.



Nuair a bhíonn éagsúlacht mhór plandaí ag fás ar thalamh féaraigh, bíonn an bia níos folláine, an chréafóg níos saibhre, agus an t-uisce níos glaine. Is fearr é seo d'fheirmeoirí, don tsochaí, agus don timpeallacht. Is léiriú ar thalamh féaraigh folláin iad na plandaí seo a fheiceáil ag fás sna garraithe.



Finidí na Muc



Ní osclaíonn bláthanna fhinidí na muc ach ar maidin—dúnann siad arís san iarnóin go dtí an chéad mhaidin eile.

Cluas Chait



Tugtar cluas chait ar an mbláth seo mar go mbíonn na duilleoga beaga a bhíonn ar an ngas cosúil le cluasa cait.

An Tím Chreige



Bíonn boladh álainn ó bhláthanna corcra na tíme creige—ní haon ionadh é go n-úsáidtear an luibh seo i gcócaireacht.

An Fearbán Féir



Fásann an fearbán féir ar thalamh tirim agus fásann an fearbán reatha ar thalamh fliuch—tugtar cam an ime ar an dá phlanda.